Our Lady of Lourdes N.S.

Plean Scoile Don Gaeilge 2021

Réamhráiteas

Tá an phlean curtha le chéile le saineolas na múinteoirí agus an phríomhoide. Tá an Curaclam Teanga na Bunscoile (2019) lárnach sa phlean.

Tá ga leis an bplean seo;

- Chun cabhrú linn an Curaclam a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint d'ár scoil.
- Ionas go mbeidh fhíos ag gach duine cad atá ar siúl tríd an scoil.
- Go mbeidh leanúnachas agus forbairt ó rang go rang.
- Chun go mbeidh treoir chinnte again i múineadh agus úsáid na Gaeilge.
- Chun Gaeilge a spreagadh ar fud na scoile

Fís

Is í an aidhm dúinn i bunscoile Our Lady of Lourdes spéis agus suim a chothú sa Ghailge sna páistí in atmaisféar taithneamhach. Is mian linn chun dearcadh dearfach a chothú sna páistí agus agus sna pobail na scoile i leith na Gaeilge. Chuige sin, ba chóir go mbeidh gach duine sa phobal scoile – an príomhoide, na múinteoirí, na cúntóirí, na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta – i mbun oibre agus faoi scáth a cheile chun aidhmeanna an plean seo a chur i bhfeidhm.
Ag fágáil Rang 6 beidh:

- Muinín ag na páistí an Ghaeilge a usáíd
- Na páistí tar éis an Ghaeilge a shealbhú go héifeachtach agus le taitneamh agus mar thoradh air seo, go mbeidh siad in ann an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach mar theanga.

Aidhmeanna

Siad na haidhmeanna atá againn mar fhoireann scoile ná:

- Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae
- dearcadh dearfach a chothú sa scoil – spéis a chothú
- taitneamh a bheith ag baint le foghlaim na Gaeilge
- teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- snáithe teanga ó bhéal, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a chothú ag leibhéil a oireann dó/di féin agus don chineál scoile
- feasacht cultúir agus teanga a chothú
- go mbeidh meas ag na páistí ar an nGaeilge agus dearcadh dearfach acu ina leith
- cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste

- spéis sa Ghaeilge a chothú trí na páistí a spreagadh chun í a úsáid in atmaisféar taitneamhach gan bhrú. Chuige sin ba choir go mbeidh gach duine sa phobal scoile – an príomhoide, na múinteoirí, na tuismitheoirí agus an bord bainistíochta – ar aon intinn faoi úsáid na Gaeilge sa scoil.
- go gcuirfí ar chumas na bpáistí eolas a chur ar chultúr na tíre trí foghlaim na Gaeilge
- go dtabharfaidh an fhoireann teagaisc tacaíocht dá chéile chun a gcuid Gaeilge féin a chur chun cinn agus taitneamh a bhaint as an bproiséas
- curam a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste.

- Go mbeadh "Gaeilge beo" sa scoil réadúil, ag baint le saol an pháiste

- Báinimid úsáid as cluichí, teanga, cómhra beirte, drámaíocht agus Gaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil timpeall na scoile chun feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge

Ábhar an Phlean

1. Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)

    1.1 Cur Chuige Cumarsáideach

    1.2 Feidhmeanna Teanga

    1.3 Snáithe an Churaclam

    1.4 Comhthathú na Snáitheanna
    1.5 Teamaí, Stráitéisí agus Modhanna Múinte

    1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil

2. Pleanáil Eagraíochta

    2.1 Pleanáil an Mhúinteora

    2.2 Áiseanna

    2.3 Riachtanais Breise

    2.4 Comhtháthú le hÁbhair eile

    2.5 Measúnú

    2.6 Obair Bhaile

    2.7 Forbairt Fóirne

    2.8 Tuismitheoirí agus an Gaeilge

    2.9 Comhíonannas

1. Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)

1.1 Cur Chuige Cumarsaideach

Deirtear san Churaclam: “Is é an cur chuige cumarsáideach an cur chuige atá molta sa churaclam leis an dara teanga a mhúineadh. Tá an cur chuige seo lárnaithe san fhoghlaimeoir; leagtar an phríomhbhéim ar riachtanas cumarsáide a bheith á chomhlíonadh ag an bhfoghlaimeoir. Dírítear an chur chuige ar bhrí agus ar theachtaireachtaí a chur in iúl, agus an múinteoir ag múnlú agus ag athúsáid na teanga an lá ar fad. Leagtar an bhéim ar chumarsáid thaitneamhach, idirghníomhach a bhfuil cuspóir léi agus úsáidtear an sprioctheanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir sa cheacht teanga”. (Curaclam Teanga na Bunscoile, 2019, p. 38)

Bíonn trí thréimhse i gceacht ina bhfuil cur chuige cumarsáideach á úsáid:

An tréimhse réamhchumarsáide:*(Múineadh na teanga agus cleachtadh)*

múintear stór focal ó bhéal, feidhmeanna teanga nó struchtúir atá riachtanach don tasc teanga agus cleachtar iad le réimse tacaí agus gníomhaíochtaí. Tá nasc díreach idir an teanga a úsáidtear sa tréimhse seo agus an teanga a úsáidtear sa tréimhse chumarsáide. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tréimhse ionchuir i dtaca le foghlaim an dara teanga agus ceachtanna sa dara teanga. Is cuid bhunriachtanach den tréimhse seo é an t-athrá chun teanga nua a bhunú le haghaidh na tréimhse cumarsáide. Le go mbeidh páistí in ann teanga a shealbhú go cruinn, ní mór dóthain ullmhúcháin a dhéanamh agus go mbeadh na páistí nochta don teanga a ndóthain.

An tréimhse chumarsáide: *(Na páistí féin ag úsáid na teanga)*baineann foghlaimeoirí úsáid as an bhfoclóir ó bhéal, feidhm teanga nó struchtúr nua chun tasc cumarsáideach a chur i gcrích. Tá na tascanna seo dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus d’fhéadfadh súgradh, drámaí, díospóireachtaí, agallaimh agus mar sin de a bheith i gceist. Agus an teanga in úsáid níos minice acu, éiríonn na foghlaimeoirí níos neamhspleáiche de réir a chéile ó thaobh an teanga nua a úsáid agus mar a sainaithníonn an múinteoir earráidí. Cuireann sé sin bonn eolais faoin bpleanáil agus faoin soláthar d’fhoghlaim a dhéanann an múinteoir ina dhiaidh sin.

An tréimhse iarchumarsáide:*(Cleachtadh arís agus féachaint ar aghaidh)* agus an múinteoir ag tacú leo, daingníonn na foghlaimeoirí a gcuid foghlama agus aistríonn siad í go dtí gníomhaíochtaí eile. Féachann an múinteoir chun cinn go dtí an chéad chéim eile agus pleanálann i dtreo ionchur agus teagasc teanga amach anseo. (Curaclam Teanga na Bunscoile, 2019, p. 39)

1.2 Feidhmeanna Teanga (Aguisín 1)

Deirtear sa churaclam go bhfuil na feidhmeanna teanga lárnach d'fhoghlaim an dara teanga. (Curaclam na Bunscoile, lth 40) Cuireann feidhmeanna teanga ar chumas páistí iad féin:

• Caidreamh sóisialta a dhéanamh
• Eolas a thabhairt agus a lorg
• Dearcadh a léiriú agus a lorg
• Dul i gcion ar dhuine
• Struchtúr a chur ar chomhrá
• Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Beidh an liosta seo le feiceáil i ngach seomra ranga agus is féidir le gach múinteoir na heisleamláirí a chur in oiriúint dá rang féin. Beidh feidhm teanga mar chuspóir i ngach cheacht Ghaeilge. Tá na feidhmeanna teanga lárnach don phleanáil an mhuinteora.

1.3 Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)

Tá trí shnáithe i gCuraclam Teanga na Bunscoile **[Aguisín 2]**:

• Teanga ó bhéal
• Léitheoireacht
• Scríbhneoireacht

Tá an-bhéim ar an gcumarsáid sa Churaclam Teanga na Bunscoile. Is iad seo a leanas na gnéithe d'fhoghlaim teanga a bhaineann le gach ceann de na snáitheanna:

• Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga
• Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint
• Teanga a fhiosrú agus a úsáid.

- **<u>Teanga ó Bhéal</u>**

  Tá an-tábhacht ag baint le héisteacht agus labhairt i sealbhú na teanga. Inár scoil, tá na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil sa rang nuair atá an múinteoir ag bainistiú ranga. Cloiseann siad an Ghaeilge chomh maith
  nuair atá na múinteóirí i mbun cumarsáide sa rang agus i dtimpeallacht na scoile. Tá sé fíorthábhachtach an teanga a úsáid go neamhfhoirmiúil i gnáthchúrsaí an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Ín Abair Liom, cuirtear béim ar scileanna na héisteachta i rith an cheachta chomh maith.

- **<u>Léitheoireacht</u>**
  Tosaíonn clár ullmhúcháin don litreacht go neamhfhoirmiúil i ranganna na naíonán le rainn,

cluichí teanga, amhráin agus pictiúr leabhair, scéalta, lipéidí sa seomra ranga, na leabhair mhóra chomh maith le teanga bhainistíochta ranga. Cuirtear le seo le prionta sa timpeallacht agus léitheoireacht idirghníomhach.
Sna gach ranganna, tá an scéim Abair Liom in úsáid. Tugann an scéim seo eolas, pléisiúr agus taitneamh don léitheoir. Tiocfaidh forbairt ar na scileanna léitheoireachta óna méanranganna ar aghaidh ag baint úsáid as téascanna agus tascanna difriúla ar nós scéalta sna leabhair atá in úsáid. Tuigimid go bhfuil bainistiú na léitheoireachta lárnach sa phróiseas chomh maith.

- **<u>Scríbhneoireacht</u>**

I Scoil Naisiúnta Our Lady of Lourdes, tosaíonn na páistí ag cleachtadh scríbhneoireacht i Rang a hAon .Tá an ghramadach á fhoghlaim ag na páistí go neamhfhoirmiúil ó ranganna naíonáin ar aghaidh trí éisteacht leis an teanga á labhairt sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile. Leantar an scéim Abair Liom ionas go mbíonn béim ar úsáid agus cumarsáid i gcónaí i bhfoghlaim na gramadaí agus go mbíonn sé comhthaite leis an leitheoireacht agus and scríbhneoireacht freisin

Forbraítear an scríbhneoireacht ó Rang 3-6 trí tascanna ar nós ceisteanna ar scéal a fhreagairt, cleachtaí ar phointí gramadaí a scríobh, bearnaí a líonadh, scéaltaí a scríobh, agallaimh a scríobh, abairtí agus pictiuirí a mheatsail, crosfhocail a dhéanamh, focail a chur in ord, abairtí a chur in ord, difriochtaí a aimsiú/botúin a aimsiú, frásaí a chur in abairtí, litreacha agus cárta, sraith pictiúr a chur in ord agus scéal a scríobh, mo Nuacht Phearsanta mar scéal.

1.4 Comhtháthú na Snáitheanna

Tarlaíonn sé go nádúrtha go bhfuil na snáitheanna fite fuaite le cheile. Tá béim ar labhairt ach go háirithe. cuirimd béim ar labhairt agus éisteacht sula dhéanaimid léitheoireacht agus scríobhneoireacht.

1.5 Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte

Téamaí

Is comhthéacs iad na téamaí seo chun na feidhmeanna teanga a mhuineadh. Beidh an ábhar teagasc bunaithe ar na téamaí ionas go mbeadh nasc idir an foghlaim agus saol laethúil an pháiste. Ní miste don mhúinteoir topaicí a roghnú as na teamaí agus iad a leathnú amach chun abhar atá spéisiúl don phaistí a úsáid;

- Mé Féin
- Sa Bhaile
- An Scoil
- Bia
- Siopadóireacht
- Caitheamh Aimsire
- Éadaí

• An Aimsir
• Ócáidí Speisalta
• An Teilifís

Straitéisí

Bainfear úsáid as na straitéisí seo a leanas chun seans a thabhairt do na páistí

an teanga a chleachtadh; **Éisteacht/Labhairt**

• Aithris
• Athrá
• Labhairt and plé
• Cluichí teanga
• Scéalaíocht
• Drámaíocht agus ala na huaire
• Úsáid filíochta agus rime
• Foghlaim tascbhunaithe
• Múineadh Gaeilge trí Ghaeilge

Léitheoireacht

• Ag léamh do pháistí
• Léitheoireacht mhúnlaithe
• Léitheoireacht i gcomhpháirt
• Léitheoireacht faoi threoir
• Léitheoireacht neamhspleách
• Grúpaí plé i gcomhair leabhar
• Léitheoireacht bheirte

Scríbhneoireacht

• Taithíocht ó bhéal
• Scríbhneoireacht mhúnlaithe
• Scríbhneoireacht i gcomhpháirt
• Scríbhneoireacht faoi threoir
• Scríbhneoireacht neamhspléach
• Próiseas na Scríbhneoireachta (dréachtú agus athdhréachtú)
• Saorscríbhneoireacht
• Cur chuige taithí teanga

Modhanna Múinte

Múinfear an teanga tríd úsáid a bhaint as na modhanna múinte:

• An Módh Díreach - m.sh. seo peann
• Modh na Sraithe – m.sh. D'éirigh mé ar maidin. Ghlan mé m'fhiacla. D'ith mé mo bhricfeasta • Modh an Lánfhreagartha Gníomhaí – m.sh. éist agus déan: cuir suas do lámh, bí ag rith • An Modh Closlabhartha – éisteacht le dlúthdhioscaí, cluichí biongó, éist agus tarraing • An Modh Closamhairc – físeáin, pictiúirí, postaeirí
• Modh na Ráite – Is mise Tomás … Abair é (agus agallamh ar siúl) / Is maith liom úll

1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil- úsáid Gaeilge i rith an lae

Déanfar iarracht an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae, i slí nádurtha agus i gcomhthéacsanna réalaíoch. Tá sé tábhachtach go gcloiseann na páistí na múinteoirí ag labhairt i nGaeilge agus ag múnlú an deachleachtais (Féach aguisín 3)

- ócáidí rialta i rith an lae … am rolla/am lóin/ar maidin srl.
- teachtaireachtaí
- bainisteoireacht ranga
- prionta sa timpeallacht / fógraí / comharthaí srl.
- Frása na Coicíse *(Féach aguisín 2)*
- Seachtain na Gaeilge

Pleanáil Eagraíochta

2.1 Pleanáil an Mhúinteora

Déanann na múinteoirí an pleanáil seo a leanas
• Pleanáil Fhadtearmach-Scéim Bliana
• Pleanáil Ghearrthearmach- Scéim Coicíse. (Tá Cúntas Míosúla ag dul leis an scéim seo.)

2.2 Áiseanna

Bainaimid úsáid as an gclár *Abair Liom* ó tríd na scoile.

2.3 Riachtanais Breise

Is scoil cuimsitheach í. Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar riachtanais breise trí úsáid a bhaint as;

• Modhanna múinte éagsúla
• Straitéisí éagsula

2.4 Comhtháthú le hÁbhair eile

Moltar an Ghaeilge a úsáid i múineadh ábhair eile ón churaclam
chomh minic agus is féidir

• Corpoideachas-cluichí, damhsa, treoracha srl.
• Ceol-amhráin Ghaeilge
• Matamatic-uimhreas, áireamh, treoracha srl.
• Amharcealaíona- dathanna, treoracha srl.
• Stair

Is féidir na snáitheanna Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a chomthathú lena chéile de ghnáth sa cheacht Ghaeilge. Ta smaointe agus eiseamláirí tugtha ag bun gach snaithe sa Churaclaim na bunscoile faoi seo.

2.5 Measúnú

Seo iad na huirlisí atá in úsáid again:
Is cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama na Gaeilge an measúnú. Seo iad na huirlisí atá in úsáid againn:

- Liosta de na bhfeidhmeanna teanga
- Dírbhreathnú an mhúinteora
- Tascanna agus trialacha dearth ag an múinteoir
- Bailiúcháin d'obair an pháiste

2.6 Forbairt Fóirne

Tháinig cuiditheoir ó PDST go dtí an scoil chun smaointí a thabhairt do na múinteoirí agus cabhrú linn i gcúrsaí pleanála i 2017. D'fhreastail an fhoireann ar gach seirbhís inseirbhíse agus seimineár gréasáin ar an Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)

2.7 Tuismitheoirí agus an Gaeilge

Ag cruinniú fáilte na dtuismitheoirí cuirfear ina luí orthu cur chuige na scoil seo i leith múineadh agus foghlaim na Gaeilge.

- Cuirtear béim ar straitéisí taitneamhach i múineadh na Gaeilge
- Táimid ag iarraidh dearcadh dearfach a fhorbairt agus a chothú sna páistí
- Tábhacht na Gaeilge ó thaobh fhorbairt intelectúil an pháiste
- Tábhacht na Gaeilge ó thaobh cultúir de
- Tábhacht na Gaeilge san oideachais dara léibhéil (teastas shínsearach)

Mar sin tá gá le tacaíocht na dtuismitheoirí don obair atá ar siúl sa scoil.

2.8 Comhíonannas

Beidh deis ag gach páiste sa scoil seo Ghaeilge a fhoglaim

Spriocdháta don athbhreithniú:

- Scoilbhliain 2023/2024

Síniú: _____

Príomhoide

Síniú :_____

Cathaoirleach-Bórd Bainistíochta

Dáta:_____